Údarás na Gaeltachta

# Saoiste á lorg
# Scéim Fostaíochta Pobail Thír Chonaill

Tá saoiste á lorg ag Údarás na Gaeltachta do Scéim Fostaíochta Pobail Thír Chonaill. Is conradh bliana a bheidh i gceist ag tosú i mí Eanáir 2018 ach d'fheadfaí síneadh ama a chur leis seo i ndiaidh na tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar lonnaithe i nGaoth Dobhair ach ag feidhmiú ar fud Ghaeltacht Dhún na nGall.

Bheadh sé riachtanach go mbeadh na scileanna / cáilíochta / tréithe seo a leanas ag iarratasóirí:

- Cáilíocht tríú leibhéal (ionann agus NFQ Leibhéal 6 nó níos airde),
- Taithí mhaoirseachta / bhainistíochta trí bliana ar a laghad,
- Gaeilge labhartha líofa chomh maith le caighdeán ard i scríobh na Gaeilge,
- Sárscileanna riaracháin agus eagrúcháin,
- Taithí ar Fhorbairt Pobail i gceantar tuaithe,
- Sárscileanna idirphearsanta, cumarsáide agus scileanna bainistíochta ar thograí,
- Scileanna ríomhaireachta d'ardchaighdeán,
- Láncheadúnas tiomána glan agus córas iompair.

Tá tuarastal circa €33,000 sa bhliain ag dul leis an phost seo, ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí. Tá an post seo maoinithe ag An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Seoltar iarratais, i scríbhinn, mar aon le Curriculum Vitae roimh 4.00 i.n. **Dé Aoine 10 Samhain 2017** chuig an seoladh thíos:

**An Rúnaí, Údarás na Gaeltachta, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall.**

**Teil:** 074 9560100 **Faics:** 074 9560101

**Is fostóir comhionannas deiseanna é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.**

An Roinn
Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Department of
Employment Affairs and Social Protection